# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2017

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Spáinnis

# Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA – ARDLEIBHÉAL**

**SCÉIM MHARCÁLA**

**SPÁINNIS 2017**

## Marcanna Iomlána: 300)

| GRÁDÚ | |
|---|---|
| H1: | 270 - 300 |
| H2: | 240 - 269 |
| H3: | 210 - 239 |
| H4: | 180 - 209 |
| H5: | 150 - 179 |
| H6: | 120 - 149 |
| H7: | 90 - 119 |
| H8: | 0 - 89 |

**TABHAIR AR AIRD LE DO THOIL:**
***Agus an scéim mharcála á léamh is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:***

Léiríonn **tulslais /** roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí le tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla mar sin.

Léiríonn **dais -** roimh fhreagra go bhfuil an freagra ina fhreagra ar leith, agus gur féidir é a mheas mar fhreagra neamhspleách ar aon fhreagra molta eile ar an gceist.

Léiríonn **lúibíní cruinne ( )** ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.

Taispeánann **lúibíní cearnógacha [ ]** miondealú ar mharcanna laistigh den cheist nó tugann siad soiléiriú breise ar na marcanna atá le bronnadh ar fhreagraí áirithe ar an gceist sin.

**N.B. Maidir le gach Roinn den scrúdú níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagraí ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leo sin ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.**

*Agus an scéim mharcála á forbairt, ba chóir aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:*

- *In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna a bheith difriúil ó bhliain go bliain.*
- *Ní mór focail, leaganacha cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus i gcomhthéacs, agus ní féidir iad a bhréagnú, agus sa chás go bhfuil fianaise ar úsáid mhícheart nó ar bhréagnú, níl cead na marcanna a bhronnadh.*

## Scéim Mharcála na hArdteistiméireachta – Spáinnis – Ardleibhéal 2017

**1. Anuncio – FIESTAS ESPAÑOLAS**

**(2+2) + (1+1+1) + (1+1) + 4 mharc = 13 mharc**

a. **Dhá cheann** díobh seo: i ngach pobal féinrialaitheach
i ngach cúige
i ngach baile beag / sráidbhaile **(2+2m)**

b. **Trí cinn** díobh seo: bíonn siad ar siúl lasmuigh
le ceol
tinte ealaíne
deis iontach meon na Spáinne a ligean saor **(1+1+1m)**

c. **Dhá cheann** díobh seo: tagann go leor daoine ar cuairt chuig na cathracha ina mbíonn siad ar siúl /
bíonn siad ina n-imeachtaí idirnáisiúnta /
a tharraingíonn na mílte turasóir **1+1m)**

d. (Tá an oiread sin féilte ar siúl) mura dtéifeá ach chuig féile amháin in aghaidh an lae ní bheadh dóthain ama agat chun iad go léir a fheiceáil i rith do shaoil **(4m)**

**2. Diálogo – HABLANDO DE UN INTERCAMBIO EN ESPAÑA**

**(1+1) + (1+1+1+1) + (2+2) +2 mharc = 12 mharc**

a. **Dhá cheann** díobh seo: chuaigh sé tar éis laethanta saoire na Nollag
chaith sé 2 mhí
agus é sa 4ú Bliain
i (meán)scoil den scoth
d'fhan sé i dteach a charad/ Ignacio **(1+1m)**

b. **Ceithre cinn** díobh seo: is eisean is sine
tá clann mhór aige
is breá leis comhluadar
taitníonn cispheil leis
chuir sé in aithne é dá chuid cairde go léir **(1+1+1+1m)**

c. **Dhá cheann** díobh seo: (chun Spáinnis a fhoghlaim) is gá duit meascadh (go maith)
éisteacht (go cúramach le gach duine)
cabhair a iarraidh (nuair a theastaíonn cabhair uait) **(2+2m)**

d. Itheann siad (Na hÉireannaigh de ghnáth) go leor bia beagmhaitheasa **(2m)**

**3. Diálogo – PEPE VA A UNA FIESTA**

**3+3+ (1+1+1m) +3 mharc = 12 mharc**

a. Baineadh tuisle as / thit sé, leon sé a rosta, scrios sé a léine /sheaicéad. **(3m)**

b. Thug sí chuig an gcistin é agus chuir sí a lámh faoin sconna fuar / uisce fuar chun an phian a mhaolú. **(3m)**

c. **Trí cinn** díobh seo: chuir sé aithne ar Marta
agus ar a cuid cairde go léir.
Theastaigh uathu go léir cabhrú leis
agus thug siad deochanna agus tapas chuige.
Bhí an-chraic aige. **(1+1+1 m)**

d. Bhí aird na gcailíní go léir ar Pepe/ní raibh aon duine acu le bheith ag rince leo. **(3m)**

**4. Descriptivo – LA VIDA UNIVERSITARIA**

**(1+1) + (1+1) + (1+1+1+1) + 4 marks = 12 marks**

a. (i) socraigh do spriocanna, (ii) faigh cothromaíocht idir do chuid staidéir agus do shaol sóisialta

**(1+1m)**

b. **Dhá cheann** díobh seo: staidéar a dhéanamh ar ábhair nua
taitneamh a bhaint as saol maith sóisialta
(foghlaim conas bheith níos) neamhspleáiche agus freagraí **(1+1m)**

c. Scoláireachtaí, airgead i dtaisce, cabhair óna dtuismitheoirí, obair (pháirtaimseartha) **(1+1+1+1m)**

d. Ní ligeann sé dóibh ach bia saor [1m] mar bhananaí, ispíní agus rís a ithe [3m] **(4m)**

**5. Descriptivo – VACACIONES PARA LA FAMILIA**

**(1+1+1) +2+2+3 mharc = 10 marc**

a. (i) (an deifir) chun an páiste a thabhairt chuig an rang ceoil,
(ii) bia/béilí teo a ullmhú,
(iii) uaireanta fada os comhair an ríomhaire **(1+1+1m)**

b. Am torthúil a chaitheamh leis an gclann **(2m)**

c. Clann a bhaineann taitneamh as eachtraíocht **(2m)**

d. Tá go leor bealaí ann agus iad go léir difriúil ó thaobh deacrachta de **(3m)**

**6. El Tiempo**

**(1+2) + (1+2) + (1+2) mharc = 9 marc**

a. Ceathanna [1m] gaotha láidre/thuaidh [2m] **(1+2m)**

b. Spéartha glana [1m] uasteochtaí 27 céim, íosteocht 11 chéim [2m] **(1+2m)**

c. (Aimsir) ghrianmhar [1m] agus (féidearthacht) stoirmeacha i gceantair sléibhe [2m] **(1+2m)**

**7. Una Noticia – LA LOCURA DE POKÉMON GO**

**2+ (1+1+1+1) +3+3 mharc = 12 marc**

a. Seoladh (an físchluiche nua réaltachta fíorúla) *Pokemon Go* go hoifigiúil sa Spáinn **(2m)**

b. Stáisiúin póilíní, droichid, músaeim, áiteanna stairiúla **(1+1+1+1m)**

c. Ag lorg na gcréatúr sin, á ngabháil agus ag troid leo **(3m)**

d. Is féidir leo é a sháinniú le scáileán tadhaill a bhfóin (chliste). **(3m)**

**13+12+12+12+10+9+12 = 80 marc**

## PÁIPÉAR SCRÍOFA: ROINN A (70 MARC)

**1. (a) Litríocht Dualgais – *Sin noticias de Gurb*** **50 marc**

**C. 1** **3 mharc × 3 = 9 marc**

(a) *una vuelta* **(3m)**
(b*) (muy) serio* **(3m)**
(c) *edificio/ inmueble* **(3m)**

**C. 2** **3 mharc × 3 = 9 marc**

(a) …brostaíonn an saoránach maith chun a áit a thógáil ar ardáin suí (na mbeár)… **(3m)**
(b) Cuirim mé féin faoi ghlas sa bhaile… **(3m)**
(c) Labhróimid faoinar ndúirt mé leat agus faoi (phíosaí) gnó eile … **(3m)**

**C. 3** **4 + 3 + 3 = 10 marc**

- Itheann sé an abhlann/cón ar dtús
- Níl a fhios aige cad is ceart dó a dhéanamh leis an (scúp d') uachtar reoite (ina chuid lámh)
- Tagann mearbhall air
- Scriosann sé a chuid éadaí
- Sa deireadh caitheann sé a bhfuil fágtha de sa bhosca bruscair. **(4+3+3m)**
-

**C. 4** **4 + 3 + 3 = 10 marc**

**Aon 3 cinn** díobh seo: - gach cineál glasra
- a chuid fiacla a scuabadh/a ghlanadh
- cártaí poist a scríobh
- ag éisteacht leis an raidió. **(4+3+3m)**

**C. 5** **3+3+3+3 = 12 mharc le haghaidh aon 4 phointe ábhartha**

Plé ar charachtar amháin **3 + 3m**
Plé ar an dara carachtar **3 + 3m**

I measc na gcarachtar is féidir a phlé tá Gurb, Mercedes, Joaquín, an comharsa, an feighlí etc. Ní féidir glacadh leis na bréagriochtaí a gcuireann **an neach neamhshaolta/scéalaí** iad féin faoi mar charachtair le haghaidh na ceiste seo.

## 1. (b) Téacs Iriseoireachta 50 marc

**EL PRIMER CRUCERO DE EE.UU HACIA CUBA**

**C. 1 4 + 3 + 4 + 3 + (2 +2 +2) = 20 marc**

(a) An chéad duine le teacht i dtír in La Havana/ Cúba ón gcéad bhád SAM a sheol chuig Cúba i nach mór 50 bliain. **(4m)**

(b) Bhí na mílte Cúbach ina seasamh ar an gcé **(1m)** agus áthas an domhain orthu **(1m)** ag cur fáilte roimh gach duine chuig a dtír **(1m).** **(3m)**

(c) **Ceann amháin** díobh seo: Mar dhlíodóir agus fostaí de chuid na cuideachta, bhíodh sé ag plé le rialtas an dá thír chun nasc mara a chruthú. /
Rugadh i gCúba é ach thug a thuismitheoirí go Florida é nuair a bhí sé naoi mí d'aois mar gheall ar an réabhlóid. **(4m)**

(d) Dóthain airgid a shábháil chun filleadh ar a dtír dhúchais (**3m)**

(e) (i) Deireadh a chur le bacainní trádála.
(ii) Comhoibriú i réimsí ar nós (an troid in aghaidh) na coireachta eagraithe.
(iii) Cosaint na timpeallachta. **(2+2+2m)**

**C. 2 4 mharc × 3 = 12 mharc**

(a) *había zarpado la tarde anterior* *(***4m)**
(b) *con lágrimas en los ojos* **(4m)**
(c) *el viaje inaugural* **(4m)**

**C. 3 4 mharc × 3 = 12 mharc**

(a)…bheadh cuma an fhicsin eolaíochta air i rith an Chogaidh Fhuair. **(4m)**
(b)…leibhéal níos airde… **(4m)**
(c) ...tá roinnt srianta taistil fós i bhfeidhm… **(4m)**

**C.4 6 mharc**

[Is féidir marc ar bith ó 0 go 6 a bhronnadh ar an gceist seo]

**2.** **(a)** agus **(b) (2 + 2) + 2 + (2 + 2) + (2+2+2) + (2+2)= 20**

**(a) TALGO LLEGA A INDIA.** **(10 marc)**

(i) **Dhá cheann** díobh seo:
- Is é an ceann is faide ar domhan.
- Tá sé an-sean.
- Bíonn na traenacha ag taisteal go han-mhall (don chuid is mó de thurais). **(2+2m)**

(ii) Tá siad déanta as alúmanam agus mar sin tá siad níos éadroime. **(2m)**

(iii) **Dhá cheann** díobh seo:
- déanann Talgo a chuid tástálacha san India ar an traein sin
- ritear ar díosal í.
- tá naoi gcarráiste inti.
- (dhá) charráiste den chéad ghrád agus
- aon phroinncharr amháin. **(2+2m)**

**(b) LOS DRONES PROTEGEN BENIDORM.** **(10 marc)**

(i) **Trí cinn** díobh seo: patról a dhéanamh (ar na tránna) chun na nithe seo a leanas a aithint:
- snámhaithe i stró.
- gníomhaíochtaí mídhleathacha.
- carranna páirceáilte go dona.
- carn bruscair.
- báid ag imeacht le sruth/i stró. **(2+2+2m)**

(ii) **Dhá cheann** díobh seo:
- (Feistithe le) físcheamaraí.
- (Meáchan) níos lú ná 2 chileagram.
- Seolann sí íomhánna beo chuig stáisiún póilíní.
- Is féidir léi oibriú ag os cionn 500 méadar. **(2+2m)**

## ROINN B

**EL DEPORTE** **(100 marc)**

**C. 1** **3 mharc × 5 = 15 mharc**

(a*) a través* **(3m)**
(b) *es incapaz de* **(3m)**
(c) *poner en marcha* **(3m)**
(d) *la salud* **(3m)**
(e) *luego volver* **(3m)**

**C. 2** **5 mharc × 3 = 15 mharc**
(a) Ar an taobh eile den scéal, tá raidhse eolais againn faoi lucht spóirt/lúthchleasaithe den scoth **(5m)**
(b) Ní féidir linn ligean do dhrochshampla bheith... **(5m)**
(c) Is é sprioc Marta sa saol ná… **(5m)**

**C. 3** **1 mharc × 5 = 5 mharc**
Ní thugtar marcanna as focail bhreise.
(a) *la atención* **(1m)**
(b) ( *la) mitad* **(1m)**
(c) *educación/ formación* **(1m)**
(d) *las soluciones* **(1m)**
(e) *fenomenal* **(1m)**

**C. 4** **(2+2+2 mharc) + (2+2+2 mharc) + (2+2 mharc) = 15 mharc**

(a) Cabhraíonn sé leo (le daoine óga)
- a bhféinmheas a fheabhsú
- casadh ar a chéile
- foghlaim faoi chothrom na féinne **(2+2+2m)**

(b) **Trí cinn** díobh seo:
- Bunaíodh trí bliana déag ó shin é.
- Is é an aidhm atá leis ná an spóirt a chur chun mar mhodh oideachais.
- Clár sóisialta atá ann
- (Tá éirithe leis) feabhas a chur ar an scoil dul chun cinn agus sláinte buachaillí agus cailíní (idir 6 bliana agus 18 mbliana d'aois}
- Tá thart ar 17 (díobh) ann.
- Suite i gceantair bhochta de chathracha Spáinneacha éagsúla.
- Tá gach ceann acu nasctha le lúthchleasaí den scoth a thugann cuairt as a dtoil féin ar an scoil agus a roinneann a gcuid ama agus a dtaithí leis na daltaí.
- Is é an aidhm (bhunúsach) atá acu ná múineadh do (dhaoine óga) go gcaithfidh tú a bheith i do dhuine maith ar dtús le bheith i do lúthchleasaí maith. **(2+2+2m)**

(c) Tá muid ag maireachtáil i sochaí ina mbíonn sé éasca ag daoine óga drochnósanna a chleachtadh mar gheall ar thobac, dhrugaí nó alcól. **(3m)**

**Roinn B: Ceist 5** **IOMLÁN NA MARCANNA: 50**

Treoirlínte maidir le Marcáil C.5 (Ceist Nasctha)

**1. ÁBHAR/CUMARSÁID** **25 marc**

| | |
|---|---|
| **BARR**<br>Ardleibhéal comhleanúnachais<br>Argóinteacht shoiléir<br>An aidhm chumarsáide comhlíonta<br>Gan ábhar neamhábhartha nó fíorbheagán de ann | **18 – 25 marc** |
| **LÁR**<br>Leibhéal réasúnta comhleanúnachais<br>Sothuigthe ag cainteoir Spáinnise<br>An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór<br>Roinnt ábhair neamhábhartha | **9 – 17 marc** |
| **BUN**<br>Easpa comhleanúnachais<br>Bheadh deacracht ag cainteoir Spáinnise é a thuiscint<br>Níor comhlíonadh an aidhm chumarsáide<br>Cuid mhór ábhair neamhábhartha | **0 – 8 marc** |

**2. TEANGA** **25 marc**

| | |
|---|---|
| **BARR**<br>Spáinnis nádúrtha<br>Leibhéal maith sa stór focal<br>Gan mórán dearmad gramadaí/litrithe<br>Úsáid cheart na n-aimsirí | **18 – 25 marc** |
| **LÁR**<br>Úsáid an stóir focal measartha maith – imleor agus cuí go ginearálta<br>Na briathra ceart ar an iomlán<br>Gan an iomarca dearmad litrithe / gramadaí | **9 – 17 marc** |
| **BUN**<br>Fadhbanna leis an stór focal – raon teoranta ó thaobh na bhfocal<br>Formhór na mbriathra mícheart<br>Cuid mhór dearmad litrithe | **0 – 8 marc** |

***Tabhair faoi deara:***

**Sa chás nach mbronntar marcanna d'Ábhar 1 (i.e. iarracht neamhábhartha go hiomlán), ní bhronnfar aon mharc do Theanga 2.**

**Mar riail ghinearálta, níor cheart don difríocht idir na marcanna a thugtar d'Ábhar agus Teanga a bheith níos mó ná 6 mharc.**

## ROINN C

***IOMLÁN NA MARCANNA: 50***

*Ní mór d'iarrthóirí tabhairt faoi:-*

**Ceachtar de 1 (a) nó 1 (b) AGUS Ceachtar de 2 (a) nó 2 (b)**

*Sa chás go bhfreagraíonn iarrthóir cuid (a)* ***agus*** *(b) de Cheist 1* ***nó*** *Ceist 2 trí dhearmad, caithfear* ***an dá cheann*** *a cheartú agus marcanna a bhronnadh ar an scór is airde díobh* ***agus sin amháin.***

Ceist 1: Agus an Cheist seo á marcáil – ceachtar de (a) nó (b) – ba chóir cloí go ginearálta leis na tosaíochtaí a léirítear d'Ábhar agus do Theanga i Roinn B, C.5.

**C.1 (a)** **COMHRÁ A CHUMADH** **30 marc**

**Cúig** 'sheal'. Ceadaigh uasmhéid de **6** mharc an ceann. **(5 x 6 = 30 marc)**

***NÓ***

**C.1 (b)** **LITIR / R-PHOST** **30 marc**

Tá **cúig** phointe le déanamh. Ceadaigh uasmhéid de **6** mharc an ceann. *[Tabhair ar aird gur chóir go mbeadh gach pointe forbartha agus leathnaithe. Féadfaidh iarrthóirí a bpointí féin a dhéanamh agus ní gá dóibh úsáid a bhaint as na treoirlínte a thugtar.*
*Ba chóir* ***cúig*** *phointe a dhéanamh ar fad. Treoirlínte mar Cheist 1 (a).]* **(5 x 6 = 30 marc)**

**Treoirlínte le haghaidh Roinn C, Ceist 1 (a) agus (b):**

**IOMLÁN NA MARCANNA: 30 MARC (Marcáiltear gach 'seal' ina aonar.)**

**6 mharc:** An aidhm chumarsáide comhlíonta.
Leibhéal maith sa stór focal.

**4 - 5 mharc:** An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór.
Na briathra ceart ar an iomlán.

**2 - 3 mharc:** Roinnt den aidhm chumarsáide comhlíonta.
Cuid mhór earráidí gramadaí agus dearmad litrithe.
Úsáid mhícheart na mbriathra/aimsirí mícheart.

**1 mharc:** Cuid an-bheag den aidhm chumarsáide curtha in iúl.

**0 marc:** Níl an teachtaireacht curtha in iúl.

**1a) Litir / R-phost:**

- Táthar ag súil le leagan amach foirmiúil ceart maidir leis an litir / r-phost.
- Tá an tsainréim cheart riachtanach chun **iomlán** na marcanna a thuilleamh.
- Is féidir an litir / r-phost a bhunú **go ginearálta** ar na moltaí a thugtar.
- Ba chóir d'iarrthóirí cúig phointe **ábhartha** a dhéanamh.

Ba cheart d'iarrthóirí gach pointe a fhorbairt go hiomlán chun marcanna iomlána a fháil.

**C.2 (a)** **IONTRÁIL DIALAINNE** **20 marc**

Cuardaigh **ceithre** phointe bhailí atá curtha in iúl go maith. Ceadaigh **5** mharc an ceann ar a mhéad.
**(4 x 5 = 20 marc)**

***NÓ***

**C.2 (b)** **NÓTA** **20 Marc**

Tá **ceithre** phointe le cur in iúl. Ceadaigh uasmhéid de **5** mharc an ceann. **(4 x 5 = 20 marc)**

**Tabhair faoi deara: I C. 2 (a) agus (b)**:
- Ba chóir neamhaird a dhéanamh de mhion-dearmaid (i.e. nach n-athraíonn an 'teachtaireacht').
- Ní mór na briathra a bheith ceart chun iomlán na marcanna a thuilleamh.
- Maidir le haon chuid den scríbhneoireacht ní ghearrfar pionós faoi dhó as an dearmad céanna.

Critéir chun marcanna a bhronnadh i **C.2 (a)** agus **2. (b)**

| | |
|---|---|
| **5 mharc** | An aidhm chumarsáide comhlíonta<br>Leibhéal maith sa stór focal<br>Na briathra ceart |
| **4 mharc** | An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór<br>Leibhéal sách maith sa stór focal<br>Na briathra ceart ar an iomlán |
| **3 mharc** | An aidhm chumarsáide comhlíonta a bheag nó a mhór<br>D'fhéadfadh go mbeadh cuid mhór earráidí ann |
| **2 mharc** | Roinnt den aidhm chumarsáide comhlíonta<br>Cuid den stór focal i gceart<br>Tá cuid mhór earráidí ann |
| **1 mharc** | Méid an-bheag den teachtaireacht curtha in iúl |
| **(0 marc)** | Níor cuireadh an teachtaireacht in iúl |

## AGUISÍN A hAON

## SOCRUITHE RÉASÚNTA & SCÉIM MHARCÁLA MHIONATHRAITHE

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- *Úsáid téipthaifeadáin ar bhonn deacracht foghlama*
- *Úsáid téipthaifeadáin ar bhonn deacracht fhisiciúil*
- *Úsáid próiseálaí focal guth-ghníomhachtaithe*
- *Úsáid scríobhaí*
- *Tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach*
- *Úsáid próiseálaí focal ar bhonn* ***deacracht foghlama agus sin amháin*** *(ríomhaire a bhfuil an seiceálaí litrithe agus gramadaí air).*

Maidir leis na hiarrthóirí sin ar deonaíodh tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach dóibh, ní ghearrtar pionós as earráidí i réimsí áirithe gramadaí. Agus obair na n-iarrthóirí sin á meas, cuirfear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm.

**Roinn A**
Beidh feidhm leis an Scéim Mharcála Mhionathraithe le Litríocht Dualgais C.1 (a), 1;
agus le Téacs Iriseoireachta C.1(b), 2 & 4.

**Roinn B**
Beidh feidhm leis an Scéim Mharcála Mhionathraithe le haghaidh C.1, 3 agus 5.

**Roinn C**
Beidh feidhm leis an Scéim Mharcála Mhionathraithe leis an roinn seo go léir.

Marcálfar ábhar agus cumarsáid mar is gnáth ach ní ghearrfar pionós as **litriú** ná as gnéithe **gramadaí**, amhail foircinn bhriathra agus aontú aidiachtaí.
Litriú: Measfar comharthaí diaicritice atá in easnamh nó atá mícheart mar earráidí litrithe nach bhfuil pionós le gearradh astu.
Gramadach: Is féidir breithiúnas a thabhairt ar na gnéithe gramadaí nach bhfuil pionós le gearradh astu trí shamhlú go bhfuil tú ag éisteacht leis an bhfreagra ar téip/CD. Má fhuaimníonn sé ceart, marcáiltear amhlaidh é. Níor chóir pionós a ghearradh as aon earráid ach amháin na cinn sin a thabharfaí faoi deara agus duine ag éisteacht leo.

Leathanach Bán